**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Rimini Street v EUIPO (WE DO SUPPORT)**

**(Cás T-634/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Clárú idirnáisiúnta lena sonraítear an tAontas Eorpach – Focalmharc "WE DO SUPPORT" – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa saincháilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Rimini Street, Inc. (Las Vegas, Nevada, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: E. Ratjen, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 3 Lúnasa 2021 a neamhniú (Cás R 710/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Rimini Street, Inc., na costais a íoc.

---

(1) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – dennree v EUIPO (BioMarkt)**

**(Cás T-641/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh BioMarkt – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/86)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: dennree GmbH (Töpen, an Ghearmáin) (ionadaí: K. Röttgen, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Eberl agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Lúnasa 2021 a neamhniú (Cás R 783/2021-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.